


# Met Éireann


## Tuarascáil Bhliantúil 2005



c. 1910

2005






## Réadlann Dhairbhre

Ar an gclúdach léirítear Teach Westwood, an príomh-fhoirgneamh i Réadlann Dhairbhre. Taispeántar é mar a bhí sé thart ar 1910 agus arís i 2005, tar éis do oibreacha deisithe forleathana a bheith curtha i gcrích.

Ó mhapa de chuid an tSuirbhé Ordanáis dar dáta 1897 a tógadh cúlra an phictiúir.



# An Clár

<b>Brollach</b>	2
<b>Ráiteas Misin agus Struchtúr Eagraíochtúil</b>	3
<b>Ailt</b>	
Athchóiriú ar Theach Westwood	4
Deimhniú ISO 9001:2000	6
Seoladh ar Thuarascáil C4I	8
Athbhreithniú Aimsire 2005	9
<b>Bainistíocht Straitéiseach – Spriocanna Ardleibhéil Met Éireann a Chur i nGníomh</b>	13
<b>Aguisíní</b>	
I. Cruinneas Réamhaisnéise	26
II. Foilseacháin	29
III. Airgeadas Met Éireann	30
<b>Eolas Corparáideach</b>	31
<b>Gluais Téarmaí</b>	32



## Brollach

An ghné ba shuntasá a bhain le gníomhaíochtaí Met Éireann in 2005 ná an t-éileamh ar an eagraíocht seirbhísí breise a chur ar fáil - éileamh atá ag síormhéadú - cibé acu táirgí réamhaisnéise nua a fhorbairt, cur leis an mbonneagar bunúsach, nó aon cheann den iliomad tascanna eile. Is cúis mór áthais dom é a chur in iúl gur éirigh le Met Éireann a ghnáthoibríochtaí a choinneáil sa tsiúl fad is a bhí dul chun cinn nach beag á dhéanamh i raon leathan gníomhaíochtaí nua.

Bhí sé de cheangal ar Met Éireann córas bainistíochta cáilíochta deimhnithe a chur i bhfeidhm ina Rannóg Seirbhísí Eitlíochta toisc athruithe a tháinig ar na bealaí ina gcuireann an eagraíocht a seirbhísí meitéareolaíochta ar fáil - sprioc a baineadh amach i Meán Fómhair, nuair a bronnadh an deimhniú ISO 9001:2000 ar an Rannóg. Sna réimsí ionstraimíochta agus TF bhí éilimh ar leith ag eascairt as stáisiúin aimsire uathoibríochta nua a bheith á n-úsáid agus toisc feabhsúcháin ar ríomhchórais. Léirigh Met Éireann go raibh sé ag freagairt go maith d'fheasacht an phobail maidir le hathrú aeráide agus na hiarmhairtí a bhainfeadh leis sin, nuair a d'fhoilsigh an eagraíocht mórthuarascáil ar aeráid na hÉireann sa todhchaí don tréimhse 2021-2060. Fad is atáimid ag féachaint i dtreo na todhchaí táimid cúramach i leith chosaint ár n-oidhreacht chomh maith, mar is léir ón mór-athchóiriú ar Réadlann Dhairbhre, atá anois i gcrích.

Is dócha go leanfaidh an treocht a bhí follasach in 2005 – is é sin go riabh riachtanais seirbhíse ag dul i méid. Cheana féin, tá tús curtha ag Met Éireann leis an bpleanáil le go mbeadh a líonra stáisiún aimsire iomlán ag feidhmiú go huathoibríoch, chun go gcuirfí le raon na mbreathnadóireachtaí aimsire dromchla agus go mbeadh foireann sa bhreis ar fáil in am trátha le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta agus forbartha. Chomh maith leis sin, tá tús curtha le hathbhreithniú ar na modhanna atá in úsáid



againn i láthair na huairé chun réamhaisnéisí aimsire a tháirgeadh agus iad a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh. Is léir go mbeidh gá sa réimse seo chomh maith, le go mbeadh níos mó uathoibríochta ann, má tá Met Éireann chun freastal ar na héilimh atá ag dul i méid le haghaidh seirbhísí aimsire ar ardchaighdeán. Tá mór-athdhearadh á dhéanamh ar shuíomh gréasáin Met Éireann faoi láthair, rud a léiríonn go bhfuil tábhacht an idirlín ag méadú maidir le scaipeadh eolais aimsire.

Tá dúshlán mór roimh Met Éireann anois, díreach mar atá roimh gach Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta Eorpach, dul i ngleic leis an timpeallacht atá ag síorathrú. Tá mé lánmhuíneach go mbeimid in ann ár gcumais a chur in oiriúint, mar a rinne in 2005, d'éilimh atá ag athrú agus leanúint orainn ag soláthar seirbhíse den chéad scoth dár gcliaint go léir.


Déaglán Ó Murchadha  
Stiúrthóir  
Iúil 2006



## Ráiteas Misin

An Misean atá againn ná breathnú, miondealú agus fáistiniú a dhéanamh ar aimsir agus ar aeráid na hÉireann, agus raon seirbhísí meitéareolaíochta agus eolas gaolmhar den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí.

## Struchtúr Eagraíochtaúil Met Éireann (Nollaig 2005)





## Athchóiriú ar Theach Westwood

Ta baint na mblianta ag Oileán Dhairbhre agus ag Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí le meitéareolaíocht, ag síneadh chomh fada siar le 1860 nuair a chuir an tAimiréal FitzRoy (a bhfuil cáil air toisc go raibh sé ina chaptaein ar an HMS Beagle, le Charles Darwin ar bord) stáisiún faisnéise aimsire teileagrafach ar bun ar an oileán. Ina dhiaidh sin chuir Bord Trádála na Breataine Réadlann Dhairbhre ar bun in 1868, agus lean sí uirthi ag feidhmiú go dtí gur bogadh é go Cathair Saidhbhín i mí Márta 1892. Ba é Teach Westwood príomhfhoirgneamh na Réadlainne i gCathair Saidhbhín, teach teaghlaigh Victeoiriach a thóg an Captaein Needham in 1866, fear a bhí mar ghníomhaire áitiúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, coláiste a raibh roinnt mhaith gabháltas talún aige sa cheantar.



Teach Westwood  
i mblianta tosaigh na 20ú haoise.

Cuireadh Seirbhís Meitéareolaíochta na hÉireann (Met Éireann) ar bun in 1936 agus ghlac an tseirbhís freagracht na Réadlainne uirthi féin in 1937. Cé gur tugadh faoi roinnt oibre athchóirithe sna 1950í, faoi dheireadh an chéid bhí géarghá le deisiú agus athchóiriú a dhéanamh ar an teach, na tithe amuigh, na cosáin, na bealaí isteach agus na bóithre isteach.


I mí Feabhra 2000 tugadh cuireadh don Rannóg Cothabhála Maoine in Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), teacht chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ina raibh an Réadlann, tríd is tríd, d'fhonn



Teach Westwood in 2005  
tar éis oibreacha athchóirithe a chur i gcrích.

tabhairt faoi na háiseanna agus na foirgnimh a nuachóiriú agus a athchóiriú. Tosaíodh ar an gcéad chéim den tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2002, mar ar athchóiríodh roinnt de na seancheardlanna chun saotharlanna, spás oifige agus seomra cartlainne a chur ar fáil. Ina dhiaidh sin, cuireadh colbhaí agus dromchla nua ar na cosáin, leathnaíodh na bóithre isteach agus cuireadh bealach isteach nua ar fáil.

Cuireadh tús leis an obair athchóirithe ar Theach Westwood é féin i mí na Samhna 2003. Cuireadh díon nua ar an teach agus rinneadh athchóiriú ar na simléir, a baineadh sna 1950í. Deisíodh na fuinneoga, na doirse agus na colbhaí adhmaid go léir, nó rinneadh athsholáthar dóibh. Rinneadh athshreangú iomlán ar na córais leictreacha, sonraí



agus chumarsáide agus athdhearadh ar na córais teasa agus phluiméireachta. Athchóiríodh an teach go hiomlán, go hinmheánach agus go seachtrach, i stíl a bheadh ag teacht lena stádas mar fhoirgneamh liostaithe.

Nuair a bhíothas ag tabhairt faoin tionscadal athchóirithe bhí gá cothromaíocht a bheith ann i gcónaí. Ar thaobh amháin de, bhí gá na gnéithe áille ailtireachta a bhain leis an teach a chaomhnú agus a bheith urramach don stair a bhain leis. Ar an taobh eile de, bhí gá freastal ar na héilimh a bhainfeadh le Réadlann a bheadh ag feidhmiú, anois agus sa todhchaí. Cibé scéal é, d'éirigh leis an OPW dul i ngleic leis an dúshlán le sárscil agus saineolas - rinneadh athchóiriú ar an gcaighdeán is airde ar an teach, fad is a rinneadh soláthar do na riachtanais oibríochtúla reatha agus na riachtanais a bheadh ann sa todhchaí. I láthair na huair, tugann an Réadlann faoi ghnáth-thomhais aimsire dromchla agus aeir uachtaraigh, chomh maith le raon clár lena n-áirítear monatóireacht ar ózón, geomaighnéadaic, seismeolaíocht, radaíocht gréine agus monatóireacht

comhshaoil. Glacann an Réadlann páirt i gclár Faire Atmaisféarach Dhomhanda an WMO, a ceapadh chun breathnadóirteacht iontaofa chuimsitheach a dhéanamh ar chomhdhéanamh ceimiceach agus ar shainghnéithe fisiceacha an atmaisféir ar scálaí domhanda agus réigiúnacha.

Ar an 21 Deireadh Fómhair 2005 nocht Batt O'Keeffe T.D., an tAire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, plaic ag Teach Westwood mar chomóradh ar chur i gcrích an tionscadail athchóirithe. Ina aitheasc thréasaigh sé ó chroí leis an OPW as ardchaighdeán na hoibre athchóirithe, agus chaith sé súil siar ar an oidhreacht mheitéareolaíochta a thosaigh ar Oileán Dhairbhre sna 1860í as ar eascair clú idirnáisiúnta an tsuimh mar shuíomh tábhachtach eolaíochta. Ar na cuairteoirí a bhí i láthair bhí John O'Donoghue T.D., An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ionadaithe ón OPW, na conraitheoirí agus an iliomad foras eolaíochta a oibríonn i gcomhar leis an Réadlann ar a cláir mhonatóireachta.



Batt O'Keeffe T.D., An tAire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ag nochtadh plaice ag Teach Westwood agus John O'Donoghue T.D., An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (ar chlé), Paul O'Donoghue (Ball de Chomhairle Contae Chorcaí) agus Déaglán Ó Murchadha (Stiúrthóir, Met Éireann) ag faire ar na himeachtaí.



## Deimhniú ISO 9001:2000

An aidhm atá ag rialacháin Aonspéir Eorpach an Aontais Eorpaigh, atá le cur i bhfeidhm in 2006, ná aeriompar san Eoraip a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos costéifeachtaí. Beidh impleachtaí móra acu freisin dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí meitéareolaíochta d'eitlíocht sibhialta - mar shampla, beidh ar Met Éireann iarratas a chur isteach chuig Rialtóir rialtas-cheaptha amach anseo le haghaidh ceadúnais chun a leithéid de sheirbhísí a sholáthar. I measc na gcoinníollacha chun ceadúnas a fháil beidh sé de cheangal ar Rannóg Seirbhísí Eitlíochta Met Éireann córas bainistíochta cáilíochta deimhnithe (QMS) a bheith i bhfeidhm aici.

Cad is córas bainistíochta cáilíochta ann? Roimhe seo bhí an dearcadh ann nach raibh i gcórais bhainistíochta cáilíochta ach ualach breise maorlathach a bhí ar ghnóthaí. Bhí cáil orthu go príomha mar ghníomhaíocht lenar bhain comhlánú foirmeacha chun go mbeadh sé níos éasca ar lucht bainistíochta cúrsaí a rialú. Cé go mb'fhéidir go raibh fírinne áirithe ag baint leis an dearcadh sin, go praiticiúil cuireann córais bhainistíochta cáilíochta, a cuirtear i bhfeidhm i gceart, ar chumas eagraíochta cloí leis an gcoincheap – *murar féidir é a thomhas, ní féidir é a bhainistiú*. Agus murar féidir é a bhainistiú, ní féidir riachtanais an chustaiméara a chomhlíonadh, ach amháin trí thaisme.

Is é an custaiméir bun agus barr gach QMS nua-aimseartha. Ní bheadh eagraíocht ann gan a chustaiméirí agus is é bunghnó aon eagraíochta ná freastal ar riachtanais an chustaiméara.


Tar éis riachtanais an chustaiméara a shoiléiriú, is gá ansin na próisis ghnó a eagrú chun freastal ar na riachtanais sin. Is gá na próisis agus an t-aschur a mheas agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin feidhmíochta a leagadh amach.

Go deimhin, tá teagmháil leanúnach agus éifeachtach le custaiméirí, agus riachtanais nua a aithint, mar bhunchuid d'aon QMS maith. Ní féidir bainistíocht a fhorbairt agus feabhas a chur ar ghnó go leanúnach gan a leithéid de nós imeachta.

Éascaíodh cur i bhfeidhm QMS na Rannóige Seirbhísí Eitlíochta toisc an traidisiún fada atá ag an Rannóg freastal ar riachtanais na heitlíochta. Bhí na bunghnéithe de chóras QMS i bhfeidhm cheana féin toisc an fócas láidir a bhí ann ar shábháilteacht agus ar an gcustaiméir. Mar sin féin, bhí gá na gnéithe seo a thabhairt le chéile i gcur i bhfeidhm foirmiúil an QMS agus ba thasc casta é a thóg roinnt mhaith ama.

Molann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) gur chóir do chórais QMS a chuirtear ar bun do sheirbhísí eitlíochta a bheith ag teacht le sraith caighdeán dearbhaithe cáilíochta Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) 9000. Chun an moladh seo a chomhlíonadh chuir Met Éireann Foireann Tionscadail ar bun chun QMS ISO 9001:2000 a chur i bhfeidhm ina Rannóg Seirbhísí Eitlíochta. I measc an iliomad tascanna ar thug an Fhoireann Tionscadail fúthu bhí:

- próisis lárnacha agus tacaíochta na Rannóige a aithint, maille le tacaí seachtracha agus gnéithe rithábhachtacha eile
- a chinntiú go ndearnadh foirmiúil na nósanna imeachta comhairliúcháin leis an gcustaiméir agus gur cuireadh i bhfeidhm iad
- na Nósanna Imeachta Cáilíochta rithábhachtacha a aithint a raibh sé de cheangal ar an eagraíocht iad a chur bhfeidhm agus a dhóiciméadú. Ina measc bhí Rialú Doiciméad, Rialú Taifead, Iniúchadh



Inmheánach, Bearta Ceartaitheacha agus Gearáin ó Chustaiméirí

- méadracht shoiléir insroichte a leagan síos do phróisis agus d'aschuir agus córais uathoibríocha a fhorbairt chun feidhmíocht a thomhas
- bonn a shocrú le haghaidh comhaontuithe seirbhíse le Rannóga eile i Met Éireann agus le gníomhaireachtaí seachtracha
- iniúcháirí inmheánacha a mholadh agus beartú ar sceidil iniúchta inmheánaigh
- nós imeachta a cheapadh don athbhreithniú a dhéanann an lucht bainistíochta ar an QMS

Ar an bhFoireann Tionscadail bhí raon leathan ball foirne ón Rannóg Seirbhísí Eitlíochta ag obair leis an Sainchomhairleoir seachtrach - ach de dhéanta na fírinne chuir gach ball foirne sa Rannóg le rath an Tionscadail, mar a rinne an Lucht Bainistíochta Sinsearach agus baill foirne ó Rannóga eile i Met Éireann.

Bhain Met Éireann amach an teastas bainistíochta cáilíochta ISO 9001:2000 dá Rannóg Seirbhísí Eitlíochta, i Meán Fómhair 2005. Ba é Michael Ahern T.D. (An tAire Trádála agus Tráchtála ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta) a bhronn an teastas go foirmiúil ag ócáid i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.



Teastas ISO 9001:2000 á bhronnadh ar an Rannóg Seirbhísí Eitlíochta. Ó chlé: Pearse Coyle (Met Éireann), John O'Flanagan (Met Éireann), Déaglán Ó Murchadha (Stiúrthóir, Met Éireann), Michael Ahern T.D. (An tAire Trádála agus Tráchtála ag An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta), Paraic Carrigan (Bainisteoir Tionscadail ISO, Met Éireann), Dave Murphy (Ceann na Rannóige Seirbhísí Eitlíochta, Met Éireann), agus Brian Doyle (Met Éireann).




## Seoladh ar Thuarascáil C4I

Cuireadh Tionscadal Chomhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann (C4I) ar bun in 2003 chun comhdhlúthú agus daingniú a dhéanamh ar an iarracht náisiúnta maidir le taighde ar athrú aeráide. Na príomhpháirtithe sa Tionscadal ná Met Éireann agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Cuireann na dreamanna seo a leanas maoiniú ar fail don Tionscadal: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (faoin bPlean Forbartha Náisiúnta), An tÚdarás um Ard-Oideachas (faoin gClár le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal), agus Met Éireann é féin.

In 2005 chuir C4I mór-anailís i gcrích ar dhálaí aeráide na hÉireann sa todhchaí don tréimhse 2021-2060, bunaithe ar aschuir ó áis nua do shamhaltú aeráide réigiúnaí atá lonnaithe in Met Éireann. Sheol Dick Roche T.D., An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil tuarascáil ar an obair seo – ‘Climate Change: Regional Climate Model Predictions for Ireland’ sa Teach Custaim, Baile Átha Cliath, ar an 2 Meitheamh 2005.

Sa Tuarascáil bhí na chéad torthaí ar an gclár uailmhianach seo - clár a ceapadh chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar athrú aeráide agus a impleachtaí d'Éirinn. Sa tréimhse 2021-2060 léiríonn na teochtaí teilgthe go mbeidh téamh ginearálta



ann le méanteocht mhíosúil ag méadú idir 1.25°C agus 1.5°C ar an iomlán. Maidir le frasaíocht, is i mí an Mheithimh agus mí na Nollag atá na hathruithe is suntasaí le sonrú; tá laghdú 10% ann do mhí an Mheithimh i gcomparáid leis an aeráid reatha, go háirithe i ndeisceart na tíre; léiríonn sonraí le haghaidh mí na Nollag méaduithe sa raon 10% san oirdheisceart go 25% san iarthuaisceart.

Thréaslaigh an tAire Roche le gach duine a bhí páirteach i gcur le chéile na Tuarascála, agus léirigh sé a thacaíocht don tionscadal C4I mar acmhainn thábhachtach nua sa staidéar náisiúnta ar athrú aeráide.



Ag seoladh Thuarascáil C4I – Déaglán Ó Murchadha (Stiúrthóir, Met Éireann), An Dr. Mary Kelly (Ard-Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil), Dick Roche T.D. (An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil) agus David Taylor (Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Fuinneamh Inmharthana na hÉireann).

# Athbhreithniú Aimsire 2005

## Aimsir Dhomhanda

De réir mheastacháin na hEagraíochta Meitéareolaíochta Domhanda (WMO) bhí an mheánteocht dromchla domhanda in 2005  $+0.48^{\circ}\text{C}$  níos airde ná an mheánteocht bhliantúil don tréimhse 1961-1990 arb ionann é agus  $14^{\circ}\text{C}$ . Dá bhrí sin ba é 2005 an dara bliain is teo ar taifead – tá 1998 fanta ar an mbliain is teo, le linn na bliana sin b'ionann meánteochtaí dromchla agus  $+0.54^{\circ}\text{C}$  níos airde ná an meán 30-bliain céanna. Ó thús na 20ú haoise, tá méadú idir  $0.6^{\circ}\text{C}$  agus  $0.7^{\circ}\text{C}$  tagtha ar an meánteocht dromchla domhanda.

Thug séasúr hairicíní an Atlantaigh leis 26 stoirm theochriosach ainmnithe, nach bhfacthas a leithéidí cheana, agus bhí iarmhairtí tromchúiseacha ag na stoirmeacha sin ar fud Mheiriceá Láir, na Cairibe agus na Stát Aontaithe. D'éirigh le seacht stoirm, ceithre hairicín san áireamh, an talamh a shroicheadh i SAM. Ba í Hairicín Katrina an hairicín ba mharfaí sna Stáit Aontaithe ó 1928 i leith. Mharaigh an stoirm ar a laghad 1,300 duine, sna stáit Louisiana agus Mississippi i ndeisceart na tíre den chuid is mó, agus bhí scriosadh forleathan mar thoradh air feadh lár chósta Murascaille na SA.

San Eoraip chuaigh dianbháisteach throm i gcion ar áiteanna in oirthear agus in iarthar na hilchríche. In iarthar na hEorpa bhí dálaí triomaigh ilmhíoshúla ann le linn Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair. Sa tréimhse Deireadh Fómhair 2004 go Meitheamh 2005 b'ionann an méid báistí i roinnt limistéar sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sa Spáinn agus sa Phortaingéil agus níos lú ná leath an ghnáthmhéid. Sa Fhrainc, ba i limistéir san iarthar a chonacthas an tionchar is measa. Béal dorais sa Spáinn agus sa Phortaingéil bhí na dálaí triomaigh is measa acu ó na 1940í agus mar thoradh ar na tréimhsí tírime sin tharla tinte fiáine go forleathan. I gcodarsnacht leis sin, toisc síorbháisteach throm le linn na tréimhse Bealtaine-Lúnasa tharla tuillte díobhálacha in oirthear na hEorpa, go háirithe sa Rómáin,



Íomhá bhréagdhatha de Hairicín Katrina i Murascail Mheicsiceo ag 18.00 UTC ar an 28 Lúnasa.

sa Bhulgáir agus san Ungáir, rud a rinne díobháil do mhaoin, do bhonneagar agus do thalmhaíocht. Toisc an bháisteach dhuartanach i lár Lúnasa bhí tuillte ann in áiteanna san Eilvéis, san Ostair, i ndeisceart na Gearmáine agus i bPoblacht na Seice.

In 2005 bhí toise pholl ózón na hAntartaice go maith os cionn an mheáin le haghaidh 1995-2004. Bunaithe ar bhreathnadóireachtaí satailíte bhí sé rangaithe ar an tríú ceann is mó a bhí ar taifead riamh, tar éis 2002 agus 2003. Bhí ídiú suntasach ar ózón follasach san Artach chomh maith – le linn earrach 2005, i gcodanna móra den réigiún Artach, bhí meánluachanna an ózón iomlán 30-45 faoin gcéad níos ísle ná luachanna comparáideacha le linn na 1980í luatha.

Threisigh an t-ídiú ar oighear mara an Artaigh in 2005, ag titim go maith faoi bhun an mheáin don cheathrú bliain as a chéile. Faoi dheireadh Mheán Fómhair - de ghnáth an mhí leis an bhfairsinge oighir mhara is lú – bhí sé tuairim is 20 faoin gcéad níos ísle ná an meán le haghaidh 1979-2004, an ceann is ísle a breathnaíodh ó tosaíodh ar thaifid satailíte i 1979. Na príomhchúiseanna a bhí leis an titim seo in 2005 ná teochtaí Artacha a bheith níos teo ná mar ba ghnáth agus an séasúr leáite oighir ag teacht níos luaithe ná mar ba ghnáth.



## Tomhais Aimsire in Éirinn 2005

Contae/ Stáisiún	BÁISTEACH (mm)				TEOCHT (°C)				GRIAN (UAIREANTA)				LÍON LAETHANTA LE:						
	Iomlán	% den meán	Méid is mó i lá amháin		Meán	difríocht ón meán	Foircinn		Meán leathúil	% den meán	Méid is mó i lá amháin		Báisteach (>0.1mm)	Sneachta	Sioc aeir	Cliochsneachta	Toirneach	Ceo	Séideáin Gálai
			méid	dáta(i)			Is Airde	Is Ísle			méid	dáta(i)							
<b>CO. an CHLÁIR</b> Aerfort na Sionainne	914.2	99	40.0	7 Jan	11.0	+0.9	28.0	-2.8	3.60	103	15.3	27 Jun	219	5	20	12	5	25	51
<b>CO. CHORCAÍ</b> Aerfort Chorcaí	1191.7	100	66.3	24 Jul	10.3	+0.9	26.2	-2.2	3.81	100	15.5	27 Jun	208	9	9	4	2	113	69
<b>CO. DHÚN na NGALL</b> Cionn Mhálanna	1086.1	102	30.2	11 Feb	10.4	+1.1	23.4	-0.8	3.30	97	14.5	13 May	229	10	3	40	1	8	140
<b>CO. BHAILE ÁTHA CLIATH</b> Aerfort	683.1	n/a	32.6	28 Jul	10.2	n/a	24.8	-3.4	3.77	97	15.6	11 Jul	192	14	32	19	7	32	68
Bhaile Átha Cliath Aeradróm																			
Mhic Easmuinn	624.2	88	31.4	28 Jul	10.4	+1.1	27.3	-5.6	3.55	98	15.5	11 Jul	181	16	42	18	8	19	75
<b>CO. CHIARRÍ</b> Réadlann Dhairbhre	1500.1	105	52.0	2 Dec	11.5	+1.1	26.2	-1.2	3.53	104	15.2	11 Jun	235	4	5	19	3	15	91
<b>CO. CHILL CHAINNIGH</b> Cill Chainnigh	757.9	92	35.8	21 Mar	10.5	+1.2	29.2	-5.1	3.75	107	15.4	27 Jun	193	n/a	41	n/a	n/a	n/a	33
<b>CO. MHAIGH EO</b> Béal an Mhuirthead	1220.1	107	31.7	2 Dec	11.1	+1.5	24.5	-1.1	3.48	99	14.8	6 Jun	255	12	7	40	5	15	113
Aerfort Chnonnachta	1205.6	n/a	39.2	25 May	9.1	n/a	25.9	-3.4	3.10	n/a	14.5	14 May	278	18	25	13	2	155	79
<b>CO. MHUINEACHÁIN</b> Cluain Eois	852.7	92	27.2	24 Oct	10.0	+1.2	28.6	-4.6	3.24	102	14.1	14 May	211	n/a	21	n/a	n/a	n/a	39
<b>CO. UÍBH FHAILÍ</b> Biorra	789.0	98	44.9	7 Jan	10.5	+1.2	28.4	-4.7	3.14	94	14.8	11 Jun	214	n/a	37	n/a	n/a	n/a	28
<b>CO. na hIARMHÍ</b> An Muileann gCearr II	866.7	93	36.6	7 Jan	9.9	+1.1	27.2	-4.4	3.68	105	15.0	11 Jul	216	n/a	41	n/a	n/a	n/a	23
<b>CO. LOCH GARMAN</b> Ros Láir	853.5	97	51.6	24 Jul	11.2	+1.1	22.5	0.0	4.43	102	15.6	11 Jul	183	8	0	12	4	27	107



## An Aimsir in Éirinn

Bhí aimsir na hÉireann in 2005 níos teo agus níos tirim ná mar is gnách i bhformhór na tíre, le méideanna gréine gar don meán.

Bhí meánteochtaí aeir don bhliain tuairim is 1°C níos airde ná an meán le haghaidh 1961-1990. Bhí meánluachanna teochta le haghaidh Bealtaine agus Samhna gar don ghnáthluach, ach bhí na luachanna do gach mí eile níos airde ná an meán agus bhí siad ard ach go háirithe i gcoibhneas leis na gnáthluachanna do mhí Eanáir, do mhí Márta, do mhí an Mheithimh agus do mhí Dheireadh Fómhair. Ba i gcéadleath mhí Iúil a bhí an aimsir is teo don bhliain, go háirithe idir an 10ú agus an 12ú lá, nuair a shroich uasteochtaí os cionn 25°C i bhformhór na tíre; i roinnt mhaith stáisiún bhí na huasteochtaí a thomhais siad ar na teochtaí is airde ó 1995 i leith ar na laethanta sin. Ba le linn seal an-fhuar ag tús mhí Márta a taifeadadh na teochtaí aeir agus talún is ísle don bhliain.

Bhí iomláin bhliantúla bháistí níos ísle ná na gnáthmhéideanna ach amháin ag stáisiún ar chósta an Atlantaigh. Cé go raibh iomláin i

limistéar Bhaile Átha Cliath timpeall is 10% níos ísle ná mar is gnách, ní raibh sé chomh tirim ag aon stáisiún is mar a bhí sa bhliain 2001, bliain a bhí ríthirim. Bhí Feabhra, Márta agus Nollaig ar na míonna ba thirime i gcomparáid leis an meán, fad is a bhí Aibreán agus Bealtaine fliuch. Thug Iúil agus Deireadh Fómhair báisteach throm leo sna oirthear agus sa deisceart; ba é 50mm a tomhaiseadh in aice cóstaí deisceartacha ar an 24 Iúil agus thit 100mm breise sa limistéar céanna i dtréimhse 4 lá idir 17 agus 20 Deireadh Fómhair. Bhí an líon laethanta fliucha (laethanta le 1mm báistí nó níos mó) le linn na bliana níos lú ná mar is gnách; bhí idir 125 agus 160 lá fliuch ar taifead i Laighean, agus os cionn 180 i gConnacht agus sa Mhumhan.

Bhí iomláin ghréine bhliantúla gar do na gnáthluachanna, nó beagán níos ísle. Ní raibh an méid sin gréine ann i Márta, Meitheamh agus Iúil, fad is a bhí iomláin le haghaidh mí Bealtaine, mí Lúnasa agus mí na Samhna os cionn an ghnáthmhéid. Bhí os cionn 15 uair gréine ar taifead don chuid is mó de chúige Mumhan ar 27 Meitheamh agus ar 11 Iúil.

## Déine Báistí


Le blianta beaga anuas, bhí stáisiún aimsire uathoibríoch in úsáid ag Met Éireann, ar a dtugtar an líonra TUSCON. Is féidir leis na stáisiún seo paraiméadair a thomhas agus tuairisciú orthu laistigh de scálaí ama atá i bhfad níos giorra ná mar bhí ann roimhe sin. Mar shampla, déantar méideanna báistí a thomhas, ag baint úsáide as péire taifeadeán báistí 'buicéid iniompaithe', a dtagann tuairisc uathu gach uair a thiteann 0.1mm báistí. Dá bhrí sin is féidir anailís a dhéanamh ar bháisteach an-trom a thit laistigh de scála ama gairid agus é a bheith i bhfad níos sonraí ná mar a bhí roimhe seo.

Nuair atá déine báistí á tomhas ag meitéareolaithe go minic úsáideann siad an coincheap 'tréimhsí athfhillte'. An sainmhíniú atá ar thréimhse athfhillte ná an meánlíon blianta a thógfaidh sé go dtí go mbeidh titim báistí ann aírs ar an méid céanna nó go mbeidh titim níos troime ann. Mar shampla, is ionann an méid laethúil báistí don tréimhse athfhillte 100 bliain ag Páirc an Fhionnuisce agus 91mm – i.e. tá dóchúlacht ann go mbeidh titim báistí 91mm ann in aon lá amháin uair gach 100 bliain, ar an meán. Is ionann an méid báistí gach uair an chloig don tréimhse athfhillte 100 bliain agus 35mm.



Léiríodh cumas tomhais na stáisiún aimsire uathoibríoch nua nuair a bhí titim throm báistí ann i mBaile Átha Cliath ar thráthnóna an 29ú lá de mhí an Mheithimh 2005. Seo a leanas na tomhais a glacadh ag stáisiún TUSCON Pháirc an Fhionnuisce:


1. Bhí an bháisteach laethúil iomlán os cionn 54mm.
2. Bhí níos mó ná 45mm ann i níos lú ná uair an chloig.
3. Sáraíodh na méideanna don tréimhse athfhillte 100 bliain do na tréimhsí 15 nóiméad, 30 nóiméad, 1 uair agus 2 uair.
4. Shroich an ráta báistí 205 mm/uair ar feadh scaithimh.



Má chuirtear san áireamh go bhfuil an claonadh ag tomhsairí báistí buicéid iniompaithé faoi-thuairisciú a dhéanamh ar mhéid na báistí, is dócha gur sáraíodh na figiúir thuasluaite i ndáiríre.

### Samhradh 2005 agus Innéacs Poulter

Is é atá in Innéacs Poulter ná comhthomhas a chuireann san áireamh an mheánteocht, iomlán na titime báistí agus an méid iomlán gréine le linn mhí an Mheithimh, mhí Iúil agus mhí Lúnasa d'fhonn cainníochtú a dhéanamh ar aimsir an tsamhaidh ag aon suíomh ar leith – dá airde é an t-innéacs, is ea is "fearr" atá aimsir an tsamhraidh.



In 2005, bhí gach mí i rith an tsamhraidh níos teo ná mar is gnách, agus i roinnt mhaith áiteanna ba é sin an samhradh is teo tríd is tríd ón mbliain eisceachtúil 1995 i leith. Bhí iomlán bháistí níos ísle ná mar is gnách i bhformhór na tíre - ní raibh ach trí cheathrú na ngnáthmhéideanna ann in áiteanna áirithe i lár na tíre agus san oirthear. Bhí iomlán gréine níos ísle ná mar is gnách ag an gcuid is mó de na stáisiúin.

Fíor 1

Díreach mar a cheapfaí, léiríonn an graf go raibh an luach innéacs is airde ann do shamhradh 1995, agus cuimhne ag cách ar an samhradh sin. Le haghaidh 2005, bhí luachanna innéacs le haghaidh Páirc an Fhionnuisce agus Réadlann Dhairbhre i measc na 10% de luachanna is airde thar shraith a théann siar níos mó ná céad bliain; bhí Cionn Mhálanna pas beag níos fearr ná an meán agus bhí Biorra beagán níos lú ná an meán toisc a iomlán gréine a bheith cuíosach íseal. Tríd is tríd, léiríonn comh-mheán an Innéacs Poulter go raibh samhradh beagáinín níos fearr ann in 2005 ná mar is gnách.

Léiríonn Fíor 1 an t-athrú ar Innéacs Poulter ó 1965-2005, mar mheán ó cheithre shuíomh – Páirc an Fhionnuisce (Co. Bhaile Átha Cliath), Réadlann Dhairbhre (Co. Chiarraí), Cionn Mhálanna (Co. Dhún na nGall) agus Biorra (Co. Uíbh Fhailí).



## Bainistíocht Straitéiseach – Spriocanna Ardleibhéil Met Éireann a Chur i nGníomh

### Dul Chun cinn i mBaint Amach na Spriocanna Ardleibhéil

I Ráiteas Straitéise Met Éireann tá deich Sprioc Ardleibhéil liostáilte a chuireann síos ar phríomhchuspóirí agus ar phríomhsraitéisí na heagraíochta. Seo a leanas sonraí faoin dul chun cinn a rinneadh ar bhaint amach na Spriocanna sin in 2005.

#### SPRIOC ARDLEIBHÉIL 1:

Seirbhís den scoth réamhaisnéise aimsire ginearálta agus rabhaidh maidir le haimsir bhaolach a sholáthar don phobal in Éirinn, mar aon le heolas cabhrach eile – eolas a chuideodh cosc a chur le tubaistí comhshaoil nó a chuideodh na tubaistí sin a mhaolú.

### An Rannóg Réamhaisnéise Ginearálta

Cuireann an Rannóg Réamhaisnéise Ginearálta (RRG) raon leathan seirbhísí réamhaisnéise agus rabhaidh aimsire ar fáil tríd an Lároifig Anailise agus Réamhaisnéise (LAR) agus tríd Oifig Aimsire RTÉ. I measc na gcustaiméirí tá an pobal i gcoitinne, an Rialtas, comhlachtaí fo-stáit, údaráis áitiúla, na meáin agus raon gnóthaí agus leasa tráchtála.

Le linn 2005 bhí an líon gnáthréamhaisnéisí a d'eisigh an Rannóg beagnach mar an gcéanna leis an líon a eisíodh an bhliain roimh ré. Eisíodh 398 rabhadh gálaí agus 355 rabhadh d'aerárthaí

Sainrabhaidh	Líon
Sioc/Teocht íseal	16
Báisteach	63
Sneachta	17
Toirneach	141
Gaoth	165
Dálaí Dúchana	80

beaga, maille le sainrabhaidh bhreise maidir le dálaí aimsire áirithe (féach an Tábla). Ón 20ú lá Eanáir d'úsáid an Rannóg aonaid mhéadracha le haghaidh luas na gaoithe (ciliméadar/uair) do gach réamhaisnéis agus rabhadh talamhbhunaithe.

Cuireadh seirbhísí aimsire saincheaptha ar fáil d'fhóntais fuinnimh, don tionscal tógála agus do roinnt gnóthaí agus leasa gnó eile. I gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, cuireadh réamhaisnéisí cothabhála bóthair ar fáil d'údaráis áitiúla ar fud na tíre do bhreis is 50 suíomh. Cuireadh i bhfeidhm áis nua SMS-bhunaithe chun foláireamh a thabhairt d'innealtóirí sna húdaráis áitiúla maidir le haon athrú i ndálaí réamhaisnéise.

Bhí tóir i gcónaí ar an tSeirbhís Chomhairleach Teileafóin (a chuireann rochtain dhíreach ar fáil do chustaiméirí ar réamhaisnéiseoirí aimsire oibríochtúla) i measc cliant tionscail agus tráchtála. Bhí an-éileamh ar sheirbhísí ardráta Teileafóin Met Éireann, agus cuireadh feabhas ar na seirbhísí sin nuair a cuireadh Anailís Feirmeoireachta leis an tseirbhís – rud a nasc dálaí aimsire le sainghníomhartha feirmeoireachta.

Le linn na bliana chuir an Rannóg eolas nuashonraithe ar fáil cúpla uair in aghaidh an lae le haghaidh suíomh gréasáin Met Éireann. Eisíodh réamhaisnéisí maidir le háireamh pailine agus le hinnéacs griandó i rith mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh. Chuir an tseirbhís réamhaisnéise do Lochanna Intíre tionscadal píolótach i bhfeidhm in 2004, agus leanadh leis an tionscadal sin in 2005 tar éis aiseolas thar a bheith dearfach a fháil ó úsáideoirí deiridh.

Le blianta beaga anuas bhí drochthuillte i limistéar Bhaile Átha Cliath, agus mar fhreagra air sin chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tús le tionscadal chun Córas Rabhaidh Tuillte Cósta a



fhorbairt. Chuir an Chomhairle córas darb ainm TRITON i bhfeidhm agus tosaíodh ar thréimhse mheastóireachta i ngeimhreadh 2005. Rinne an Rannóg Réamhaisnéise Ginearálta monatóireacht ar aschuir ón gcóras, go háirithe le linn rabharta, agus rinne an Rannóg idirghabháil chun fáistiniú gaoithe/tonnta agus réamhaisnéisí borradh farraige a mhionathrú mar ba ghá. Nuair a bheidh an tréimhse mheastóireachta i gcrích déanfar measúnú ar fheidhmíocht an chórais, tríd is tríd, agus ar thionchar na hidirghabhála a rinne an RRG.

### Fáistiniú Uimhriúil Aimsire

Lean an Rannóg Taighde agus Feidhmiúcháin le forbairt ar Shamhail Limistéir Theoranta Ardaifigh (HIRLAM) Met Éireann, ag díriú go háirithe ar dhálaí teorann cliathánaí.

Is é atá i HIRLAM, a thosaigh i 1985, ná comhthionscadal idir Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta na dTíortha Nordacha, an Spáinn, an Ísiltír agus Éire. Le linn 2005 rith samhail HIRLAM 4 huairé gach lá ar ríomhchórais Met Éireann agus bhí an t-aschur mar phríomhbhunús na réamhaisnéise gearrthréimhsí (suas le 48 uair roimh ré). Rith an Tonnsamhail Réamhaisnéise (WAM), a thugann réamhaisnéis ar dhálaí ar an bhfarraige amhail airde na dtionnta, airde suaillé srl, le taobh na samhla HIRLAM.

Bhí na córais HIRLAM agus WAM araon portáilte leis an mbráisle Linux in 2004. Leanadh leis an obair le linn 2005 chun cúpla fadhb a bhain le cura-earraí braislebhainteacha a réiteach, ach ní raibh na samhaltacha réamhaisnéise oibríochtúla i bhfeidhm go fóill ag deireadh na bliana.

Braitheann Met Éireann go príomha ar threoir a chuireann ECMWF (An tIonad Eorpach um Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin) ar fáil le

haghaidh réamhaisnéisí sa raon 3 go 7 lá roimh ré. Le linn 2005 níor athraíodh an tsamhail uimhriúil ag ECMWF ach ábhairín beag, ach fós féin bhí roinnt feabhsúcháin úsáideach mar thoradh ar na mionathruithe sin ó thaobh réamhaisnéis báistí agus clúdach scamail de. Bhí dul chun cinn maithe déantar ar phleananna chun an timthriall samhla nua a chur i bhfeidhm go luath in 2006, mar a gcuirfeadh feabhas mór ar thaifeach cothrománach agus ingearach, agus mar thoradh air sin treoir réamhaisnéise níos cruinne a chruthú.

Le linn 2005 d'fhostaigh Met Éireann mac léinn INTRA chun eagarthóir grafach feabhsaithe a fhorbairt le go n-úsáidfí é chun réamhaisnéisí geimhridh cothabhála bóthair a ullmhú don Údarás um Bóithre Náisiúnta. (Is é atá in INTRA – INtegrated TRaining – ná scéim a chuireann ar chumas mic léinn 3ú leibhéal dul ar shocrúcháin oibre, a bhfaigheann siad pá dó, i réimse a bhaineann lena réimse staidéir féin).


---

### SPRIOC ARDLEIBHÉIL 2:

Dualgais an Stáit a chomhlíonadh maidir le soláthar seirbhísí meitéareolaíochta d'eitlíocht agus dul i bhfeidhm ar fhorbairtí eile sa todhchaí sa réimse sin chun an toradh fadtéarmach is fearr agus is féidir a bhaint amach don earráil eitlíochta.

---

Cuireann an Rannóg Seirbhísí Eitlíochta (RSE) seirbhísí ar fáil d'eitlíocht shibhialta, mhíleata agus ghinearálta, de réir chaighdeáin agus mholtaí an ICAO agus de réir nósanna imeachta náisiúnta. Tá sé comhdhéanta den Lár-Oifig Eitlíochta in Aerfort na Sionainne, áit a bhfuil Ceann na Rannóige Ionaithe, maille leis na hOifigí Meitéareolaíochta in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Chnoc Mhuire agus in Aeradróm Mhic Easmuinn. Tá an Rannóg Seirbhísí Eitlíochta



mar phointe idirghabhála idir Met Éireann agus Údarás Eitlíochta na hÉireann, na húdaráis aerfoirt, agus na gníomhaireachtaí idirnáisiúnta éagsúla chomh fada agus a bhaineann a gcuid gníomhaíochtaí le meitéareolaíocht eitlíochta.

Lean gach gnáthoibríocht mar is gnách i rith na bliana. Eisíodh na Réamhaisnéisí Aeradróimh Ceann Cúrsa (TAF) le haghaidh Aerfoirt na Sionainne, Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Chnoc Mhuire agus Aeradróm Mhí Easmuinn. Cuireadh Rabhaidh Áitiúla Aeradróim ar fáil do na suímh seo agus do chúpla aerfort réigiúnach eile. Eisíodh 121 rabhadh SIGMET san iomlán do Limistéar Faisnéise Eitilte na Sionainne, fad is a cuireadh 234 réamhaisnéis ar fáil chun cuidiú le hoibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála. Cuireadh áiseanna féinfhaisnéisithe ar fáil do phiólótaí in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, na Sionainne agus Chnoc Mhuire.

An aidhm atá le polasaí Aonspéir Eorpach (SES) na hEorpa ná go mbeadh aerthaisteal laistigh den Eoraip níos éifeachtaí agus níos costéifeachtaí. Féachann SES le héifeachtú a dhéanamh ar bhainistíocht aerspás na hEorpa, laghdú a dhéanamh ar iolracht na Limistéar Faisnéise Eitilte (FIRanna) agus b'fhéidir ar deireadh thiar aerspás aontaithe a chruthú san Eoraip. Chomh maith leis sin, déanann SES rialú ar sholáthar seirbhísí d'eitlíocht, lena n-áirítear seirbhísí meitéareolaíochta.

Beidh tionchar suntasach ag SES ar Met Éireann, atá ar an soláthraí ainmnithe a chuireann seirbhísí meitéareolaíochta ar fáil d'eitlíocht shibhialta in Éirinn i láthair na huair. Chun ceadúnas a fháil chun leanúint ar aghaidh ag cur a leithéid de sheirbhísí ar fáil beidh ar Met Éireann roinnt coinníollacha a chomhlíonadh – mar shampla,

beidh ar an Rannóg Seirbhísí Eitlíochta roinnt nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta deimhnithe a chur i bhfeidhm. Maidir leis sin, d'éirigh leis an RSE cloch mhíle a bhaint amach i Meán Fómhair 2005 nuair a bronnadh deimhniú uirthi faoin gCóras Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001:2000.

---

### **SPRIOC ARDLEIBHÉIL 3:**

Raon cuimsitheach seirbhísí aeráide a sholáthar do gach earnáil bunaithe ar chartlann aeráide nua-aimseartha ar ardchaighdeán, agus, i gcomhar le hionaid saineolais eile, ráitis údarásacha faoin todhchaí a sholáthar maidir le treoachtaí aeráide in Éirinn sa todhchaí.

---

Le linn 2005 leann an Rannóg Clíomeolaíochta agus Breathnadóireachtaí lena príomhthascanna i gothabháil an Bhunachair Shonraí Chlíomeolaíochta Náisiúnta, i mbainistiú na líonraí stáisiún breathnadóireacha agus i bhfeidhmiú na hOifige Fiosrúcháin Chlíomeolaíochta.

Fuair an Oifig Fiosrúcháin Chlíomeolaíochta tuairim is 4,200 fiosrúchán ar an teileafón agus 2,300 iarratas ar ríomhphost/facs/litir le haghaidh eolais nó tuarascálacha clíomeolaíochta. Cuireadh níos mó ná 300 tuarascáil mheitéareolaíochta ar fáil le haghaidh cásanna dlí/árachais agus d'fhreastail finnétithe saineolacha ar an gcúirt mar ba ghá.

Cuireadh an Achoimre Mhíosúil Aimsire ar fáil go pras tar éis dheireadh gach míosa, a thug réamh-mheasúnú ar aimsir na míosa. Ina dhiaidh sin chuir an Ráiteas Aimsire Míosúil cur síos níos sonraí ar fáil maidir le dálaí aimsire agus tráchtairacht ar imeachtaí aimsire suntasacha, in Éirinn agus ar fud an domhan.



Lean an Rannóg ag cothabháil agus ag bailiú eolais ó nach mór 600 stáisiún clíomeolaíochta agus báistí, le cuidiú ó ghníomhaireachtaí agus daoine aonair a raibh an Rannóg ag obair i gcomhar leo. Rinneadh rialú cáilíochta ar na sonraí seo, maille le sonraí ó stáisiúin Met Éireann féin, agus cuireadh iad ar fáil ar an mbunachar sonraí clíomeolaíochta. Thug cigirí Met Éireann cuairt ar os cionn aon trian de na stáisiúin sa líonra breathnadóireachta le linn 2005. Lorgaíodh suímh mhalartacha do roinnt stáisiún mar go bhfuil tógáil ag tarlú gar do na stáisiúin sin agus go meastar go mbeadh an baol ann, dá bharr sin, nach mbeadh na tomhais agus na torthaí bailí ná ionadaíoch.

Fuarthas ríomhaire nua chun óstáil a dhéanamh ar phróiseáil sonraí clíomeolaíochta agus ar fheidhmeanna rialaithe cáilíochta. Cuirfidh sé seo acmhainn níos fearr ar fáil chun an líon níos mó sonraí a láimhseáil atá ar fáil anois ó na stáisiúin aimsire uathoibríocha. Bhí tús curtha leis an tasc am-íditheach seo, aistriú chuig an meaisín nua, faoi dheireadh na bliana.

#### **SPRIOC ARDLEIBHÉIL 4:**

**Ardleibhéal saineolais agus rannpháirtíochta a chothú i sainréimsí ar nós na talmhaíochta, an chomhshaoil agus na meitéareolaíochta mara agus úsáid a bhaint as an saineolas seo chun treoir réamhaisnéise agus tacaíocht cinní a sholáthar.**

### **An tAonad Talmhaíochta agus Comhshaoil**

Le linn 2005 lean an tAonad leis ag comhoibriú le raon leathan grúpaí talmhaíochta agus comhshaoil. I gcomhpháirt le Teagasc (Údarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia na hÉireann) agus le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, lean obair ar aghaidh ar fhorbairt ar chóras tacaíochta cinnteoireachta maidir le leathadh

sciodair/nítrigine (chuir Met Éireann réimsí cnuas-réamhaisnéise ECMWF ar fáil don tionscadal seo agus chuir sé comhairle ar fáil maidir lena léirléamh agus lena n-úsáid).



Foireann Met Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Thacaigh an tAonad Talmhaíochta agus Comhshaoil go mór le hionadaíocht Met Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Maigh Dhíle, Co. Chorcaí. Tá an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta anois ar cheann de mhórimheachtaí fhéilire talmhaíochta na hÉireann, agus cuireann sé ionad tábhachtach ar fáil do Met Éireann chun a chuid seirbhísí a chur chun cinn agus chun bualadh le ceann dá ghrúpaí úsáideoraí is tábhachtaí

### **An tAonad Mara**

Le linn 2005 rinne an tAonad Mara láimhseáil ar ghnáthfhiosrúcháin meitéareolaíochta mara agus loingseoireacht-bhainteacha agus rinne maoirsiú ar fheidhmiú Thonnshamhail Réamhaisnéise (WAM) Met Éireann.

Cuireadh i gcrích líonra baoithe feistithe in 2004 agus cuireadh an 5ú ceann amach ó dheas ó Loch

Garman. Rinneadh ionchorprú i gCóras Breathnadóireachta Ilchodach (EUCOS) de chuid EUMETNET ar an gcéad cheann de na baoithe seo (M1), a suíodh siar ó chósta na nOileán Árann in 2000, agus bhí plé ann i rith na bliana maidir leis an suíomh is fearr dó. Mar thoradh ar an bplé sin tá seans go n-athlonnófaí M1 go suíomh nua in 2006.

Leann Met Éireann lena rannpháirtíocht sa tionscadal AE-mhaoinithe PRISM, a bhfuil mar aidhm aige forbairt a dhéanamh ar ríomhshamhaltacha chun ionsamhladh a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag níos mó stoirmeacha ar chóstaí Mhuir Éireann. Cuireadh raon aschuir sonraí ar fáil ón tsamhail Limistéar Theoranta Ardtaifidh (HIRLAM) don tionscadal, atá ag dearadh uirlisí praiticiúla gréasánbhunaithe a bheidh oiriúnach chun go n-úsáidfid iad i gcinntí pleanála agus bainistíochta.


## An Tionscadal Comhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann

Le linn 2005 dhírigh obair leanúnach Chomhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann (C4I) ar chainníochtú a dhéanamh ar an earráid nó an neamhchinnteacht a bhain leis na teilgin reatha atá ann d'athrú aeráide. Chuir an Tionscadal C4I go mór, chomh maith, le staidéar ar thuillte, agus baineadh úsáid as torthaí ó C4I chun measúnú a dhéanamh ar an mbaol tuillte atá ann i gceantair abhantracha áirithe. Cuireadh tús le hobair ar mheastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag athrú aeráide ar mhinicíocht borrrtha stoirme i limistéir ar an gcósta.

## SPRIOC ARDLEIBHÉIL 5:

Dul i mbun gníomhaíocht tráchtála meitéareolaíochta i gcomhréir le dlí na hiomaíochta agus lenár sainúdaráis eile d'fhonn an costas iomlán a bhíonn ar Met Éireann agus ar an Státchiste a laghdú.

Mar a tharla i mblianta go dtí seo, i measc na ngníomhaíochtaí a ghnóthaigh an méid is mó ioncaim do Met Éireann bhí réamhaisnéisí aimsire ardráta, seirbhísí don Teilifís agus do mheáin eile, sonraí clíomeolaíochta agus tuarascálacha a sholáthar, agus réamhaisnéisí a sholáthar maidir le dianaimsir (cothabháil bóthair san áireamh) don Údarás um Bóithre Náisiúnta agus d'údaráis áitiúla. Cé go raibh an margadh le haghaidh seirbhísí meitéareolaíochta fós an-iomaíoch, bhí méadú 10% ar ioncam na bliana i gcomparáid le leibhéal 2004.



Cuireadh feabhas ar sheirbhís chustaiméara trí chur i ngníomh ar chóras bogearraí nua um Bainistíocht Caidrimh Chustaiméirí (CRM). Cuireann an córas seo rochtain mheandarach ar fáil ar eolas tábhachtach custaiméara agus déanann sé rianú ar gach cumarsáid a bhaineann le custaiméirí. Agus é ag feidhmiú i dteannta breisiúcháin eile a cuireadh le córas cuntasaiochta Met Éireann bhíothas in ann bainistiú a dhéanamh ar riachtanais an chustaiméara agus feabhas a chur orthu go tráthúil agus go héifeachtach.



Le linn 2005 chothaigh an Rannóg Tráchtála idirchaidreamh leanúnach le gach príomhghrúpa custaiméirí agus gach príomhpháirtí gnó. I measc na gníomhaíochtaí margáíochta agus bolscaireachta ar fhreastail Met Éireann orthu bhí seónna agus taispeántais - Seó na mBád i mBaile Átha Cliath agus an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta ina measc.



Ag Seó na mBád i mBaile Átha Cliath - Pat the Cope Gallagher T.D., An tAire Mara ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha, agus Denis Fitzgerald (Met Éireann).

## SPRIOC ARDLEIBHÉIL 6:

Sraith clár monatóireachta comhshaoil agus geofisicí a chur i gcrích ag teacht le feidhmeanna meitéareolaíochta Met Éireann.

## Réadlann Dhairbhre

Suiteáladh stáisiún talún nua ag an Réadlann i mí na Nollag 2005 don chlár aeir uachtaraigh, chun tomhas a dhéanamh ar phróifíl ingearach na n-eilimintí meitéareolaíochta ceithre huaire in aghaidh an lae. Is féidir leis an aonad seo luasanna gaoithe agus treonna gaoithe a mheas ag baint úsáide as córas suite domhanda (GPS).

Leanadh ar aghaidh ag tomhas leibhéil ózóin agus radaíocht ultravialaite le linn 2005. Ghlac an

Réadlann páirt i gclár náisiúnta agus idirnáisiúnta i gceimic atmaisféarach, i ngeomaighnéadachas, i seismolaíocht and i bhfeineolaíocht. Cuireadh i gcrích an dara leath den athshuirbhé stáisiún geomhaighnéadach.

Is stáisiún réigiúnach í an Réadlann sa chlár Faire Atmaisféarach Dhomhanda (GAW) de chuid an WMO. Ag éirí as tionscnamh de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rinneadh athbhreithniú ar chlár GAW na hÉireann i mí Lúnasa agus seo a leanas na daoine a thug faoin athbhreithniú sin: An Dr Leonard Barrie, Ceann na Rannóige Comhshaoil, WMO, agus an Dr Keith Puckett, Stiúrthóir ar an mBrainse um Thaighde Cáilíochta Aeir, Environment Canada. Rinne an t-athbhreithniú deimhniú ar na cláir reatha agus mhol sé gníomhaíochtaí monatóireachta breise. Tá Met Éireann, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus an Stáisiún Taighde Atmaisféarach ag Ceann Mhása, Co. na Gaillimhe, ag obair ar roinnt de na moltaí seo a chur i bhfeidhm i láthair na huaire.

## Saotharlann

Leanadh leis an anailís ar chomhdhéanamh ceimiceach samplaí aeir agus frasaíochta ó stáisiúin shionoptacha roghnacha in 2005, agus rinneadh éascú air seo trí shuiteáil a dhéanamh ar threalamh nua a raibh acmhainní i bhfad níos mó aige, tríd is tríd. I gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, rinneadh anailísíú ar shamplaí, freisin, ó cheithre shuíomh i dtionscadal chun caighdeán an aeir a thomhas, maille le haigéadú atá bainteach le truailliú trasteorann. Cuireadh roinnt réamhphleanála i gcrích chun síneadh níos mó a chur le raon na gclár ceimice atmaisféaráí.

## SPRIOC ARDLEIBHÉIL 7:

Bonneagar teicniúil a chothabháil agus a fheabhsú do Met Éireann a thacaíonn leis na hearraí a tháirgeann sé.

## Ionstraimíocht

### Líonra Sionoptach

Tá idir stáisiúin le foireann agus stáisiúin uathoibríocha i líonra stáisiún sionoptach Met Éireann, agus déantar breathnadóireacht ar an aimsir gach uair an chloig sna stáisiúin sin. Cothaíodh clár iomlán 24 uair an chloig i rith na bliana i ngach stáisiún.

Suiteáladh dhá stáisiún aimsire uathoibríocha (AWS) breise sa Líonra Breathnadóireachta Aontaithe Sionoptach agus Clíomeolaíoch (TUSCON) in 2005. Tá na stáisiúin bhreise sin lonnaithe i mBhaile Uí Fhiacháin, Co. Mhaigh Eo, agus Caisleán Markree, Co. Shligigh. Leis sin, tá dhá stáisiún uathoibríocha déag anois in TUSCON.

Tacaítear le Líonraí Breathnadóireachta Met Éireann trí mheán cláir riachtanacha chalabraithe, chothabhála agus dheisiúcháin atá á bhfeidhmiú. Cuireadh athchóiriú mór i gcrích ar cheardlanna agus ar oifig an Aonaid Ionstraimíochta go luath in 2005.

### Radar Meitéareolaíochta agus Córais Ghlactha Satailíte

Mar a bhí i mblianta go dtí seo bhí dhá radar faireachais aimsire líonraithe á bhfeidhmiú ag Met Éireann, agus iad lonnaithe in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus in Aerfort na Sionainne. Chomh maith leis sin, bhí áiseanna stáisiún ar talamh á gcothú aige chun sonraí a ghlacadh ó shatailítí meitéareolaíochta.



Foireann Met Éireann ag glacadh páirte i gCúrsa Oiliúna i nDreapadóireacht Crainn Tarchurtha i mí Márta

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Le linn 2005 thacaigh agus d'fheabhsaigh an Rannóg TF raon ríomhchóras agus feidhmchlár Met Éireann, raon atá de shíor ag leathnú. Rinneadh iarrachtaí dul i ngleic le heasnaimh in acmhainní foirne trí dhaoine a fhostú ar chonarthaí sealadacha. Cuireadh i bhfeidhm uainchláir nua 24 uair an chloig le haghaidh na foirne a oibríonn in TF i mí Aibreáin.

### ECMWF agus EUMETSAT

Is é atá in ECPDS (Córas dáilte táirgí ECMWF) ná córas tarchurtha sonraí le cuspóir ginearálta a forbraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm ag ECMWF chun táirgí meitéareolaíochta a sheachadadh chuig Ballstáit eile. Chuir Met Éireann an córas nua i bhfeidhm i mí Aibreáin gan cur isteach ar ghnáthoibríochtaí. I mí Lúnasa suiteáladh meaisíní Linux in ionad na ríomhairí a bhí ann chun tacú leis an gcóras tarchurtha sonraí, agus tá na meaisíní



Linux i bhfad níos gasta agus tá toilleadh diosca níos mó acu.

Thug an tUasal Vesa Karhila ó ECMWF cuairt ar Bhaile Átha Cliath agus chuidigh sé le foireann Met Éireann suiteáil a dhéanamh ar an gcóras grafach nua Magics/Metview i mí an Meithimh.

Tá sonraí ó shatailítí MSG EUMETSAT in úsáid oibríochtúil sna hoifigí réamhaisnéise. Cuireadh i gcrích uasghrádú ar na bogearraí glactha agus próiseála sonraí i mí Iúil. Cuireadh ábhar treorach breise ar fáil ón Áis Feidhme Satailíte Nowcasting do na réamhaisnéiseoirí i mí Márta.

Faigheann Met Éireann sonraí EUMETSAT tríd EUMETCast, córas ilseirbhíse dailte bunaithe ar an teicneolaíocht chaighdeánach Físchraolta Dhigitigh (DVB). Chomh maith le seirbhísí EUMETSAT a fháil, ó dheireadh mhí Lúnasa, baineadh úsáid as EUMETCast sa mhód tástála chun roinnt breathnadóireachtaí agus réamhaisnéisí aimsire neamhsatailíte a fháil. Tá torthaí na dtástálacha á meas i láthair na huaire.

#### *Líonraí*

Go luath i mí Aibreáin 2005 rinneadh nasc nua WAN a shuiteáil i Réadlann Dhairbhre. Chuir sé seo ar chumas na foirne ag an Réadlann rochtain dhíreach a bheith acu ar Inlíon, ar Idirlíon agus ar sheirbhísí ríomhphoist Met Éireann. Suiteáladh an dara nasc WAN ag Aerfort Chnoc Mhuire, chun go bhféadfaí priontáil dhíreach thar an líonra a chur i bhfeidhm in ionad cairteacha WAFS a tharchur.

#### *Córais Oifige*

Lean na freastalaithe, a fuarthas le déanaí chun tacú le húsáideoirí a úsáideann ríomhairí deisce, ag feidhmiú go sásúil i rith 2005. Bhog foireann na deisce cabhraí TF cartlanna ríomhphost pearsanta

na foirne do gach úsáideoir ó na ríomhairí pearsanta deisce chuig na freastalaithe lárnacha. Cuireadh córais bhogearraí bhreise i bhfeidhm chun feabhas a chur ar áiseanna tuairiscithe slándála agus chun nuashonrúcháin frithviris a scaipeadh go huathoibríoch ar gach cliant le ríomhaire deisce.

Cuireadh amach cuireadh chun tairisceana i Meán Fómhair le go soláthrófaí 50 ríomhaire pearsanta nua agus seachadadh na ríomhairí nua i mí na Samhna. Le linn 2005 lean foireann na deisce cabhraí TF agus an fhoireann Oibríochtaí TF orthu le bainistiú agus le feabhsú ar shlándáil ríomhphost agus ag tacú leis - déantar tuairim is 100,000 ríomhphost a láimhseáil gach mí.

#### **TUCSON**

Tugadh tús áit do thacú le feidhmchláir TUCSON agus dá gcur i bhfeidhm in 2005, ach bhí teorainn leis an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach mar gheall ar ardú céime agus aistriú foirne. I láthair na huaire déantar sonraí breathnadóireachta a bhailiú gach uair an chloig ó dhá stáisiún déag uathoibríoch TUCSON. Nuair a fhaightear tuairisc bhreathnadóireachta nua déantar rialú cáilíochta fíorama air, agus cuirtear bréagthuairiscí SYNOP ar fáil chun go ndéanfaí iad a chomhshamlú leis na córais Faisnéise Uimhriúla Aimsire.

I measc na dtascanna a ndeachaigh an Rannóg TF i ngleic leo in 2005 bhí an obair leanúnach atá idir lámha chun athsholáthar a dhéanamh don Bhraisle VAX reatha, ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt bhreise a dhéanamh ar shuíomh gréasáin Met Éireann, tacú leis an Tionscadal C4I agus áiseanna a forbairt chun athsholáthar a dhéanamh ar chairteacha T4-FAX. Ní beag an t-ualach oibre a bhí i gceist, freisin, chun tacú leis na córais seanbhunaithe.

---

## SPRIOC ARDLEIBHÉIL 8:

Go mbeadh ar chumas Met Éireann cur go héifeachtach le baint amach chuspóirí an Rialtais i réimsí comhshaoil ginearálta.

---

### Uathoibriú a dhéanamh ar an Líonra Breathnadóireachta

I dtreo dheireadh 2004 chuir Met Éireann tús le díospóireacht ar an toadhcháí a bheidh i ndán don líonra sionoptach stáisiún breathnadóireachta. Ceann de na cúiseanna a chuir tús leis an díospóireacht ná an tionchar a bheadh ag uathoibriú ar obair a bhí ina obair a rinneadh de láimh go dtí seo. Measadh go mbeadh úsáid na stáisiún aimsire uathoibríoch seo lárnach i mbaint amach éifeachtacht agus éifeachtúlacht in úsáid acmhainní foirne.

Lean an díospóireacht in 2005 agus tugadh pleannanna feidhmithe chun míneadais agus bhí comhairliúchán fairsing ann leis an bhfoireann. Cuireadh Grúpa Stiúrtha ar bun chun monatóireacht agus comhordú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun a chinntiú gur coinníodh an móiminteam. Ceapadh tograí chun dul i ngleic le cúiseanna imní faoi acmhainní daonna, a eascródh as na forbairtí atá beartaithe, agus chun a chur san áireamh an t-ualach oibre breise a bheadh ag titim ar na Rannóga teicniúla. Faoi dheireadh na bliana bhí dul chun cinn maith déanta ar raon leathan saincheisteanna agus bhí measúnú á dhéanamh ar roinnt suíomh mar shuímh nua uathoibríocha.

### Iarracht Náisiúnta Réamhaisnéis a Thabhairt ar Thuillte

Tharla tuillte móra in Éirinn le deich bliana anuas, agus tá sé le tuiscint ón taighde atá déanta ar athrú aeráide gur dócha go rachaidh an fhadhb seo in olcas sa toadhcháí. Tá Met Éireann rannpháirteach i roinnt tionscadal a bhfuil mar aidhm acu an baol do dhaoine agus do mhaoin a íoslaghdú.

Go dtí seo rinneadh tuillte a mheas in Éirinn ag baint úsáide as modheolaíochtaí agus as sonraí a cuireadh ar fáil sa Tuarascáil Staidéir Tuillte, an toradh a bhí ar chlár fairsing idir an Ríocht Aontaithe agus Éire a cuireadh ar fáil go luath sna 1970í. Le cúpla bliain anuas ghlac Met Éireann páirt sa tionscadal chun Tuairisc Chun Dáta ar an Staidéar Tuillte a sholáthar, mar athbhreithniú ar an gcéad tuarascáil. Mar chéad tasc, cuireadh i gcrích le linn 2005 an obair a bhain le sonraí ábhartha a bhaint as an taifead stairiúil ar bháisteach, agus thosaigh saineolaí atá ar chonradh le Met Éireann ar an dara tasc - is é sin anailís a dhéanamh ar thitim throm báistí.

Chomh maith leis sin, chuir Met Éireann sonraí ar fáil don tionscadal Mapála Baoil Tuillte – clár atá ann chun mapáil chórasach a dhéanamh ar limistéir sa tír atá i mbaol tuillte agus an t-eolas seo a scaipeadh ar an Idirlíon. Cuireann na Léarscáileanna Baoil Tuillte na limistéir talún nó maoine i láthair, i bhformáid ghrafach, a raibh tuillte iontu go stairiúil, ná a mheastar atá i mbaol tuillte. Is féidir leis na léarscáileanna raon paraiméadar agus cineálacha éagsúla eolais a léiriú dála sreabhadh, leibhéil uisce, doimhneacht srl.



## SPRIOC ARDLEIBHÉIL 9:

Féachaint le comhoibriú a chothú le seirbhísí Meitéareolaíochta Breatnacha agus Eorpacha eile d'fhonn cur le héifeachtacht Met Éireann agus chun tabhairt faoi chuspóirí Rialtais maidir le comhaontú na Breataine-na hÉireann.

Le linn 2005 lean Met Éireann lena rannpháirtíocht in obair roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear An Eagraíocht Meitéareolaíochta Dhomhanda (WMO), An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), An tIonad Eorpach um Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin (ECMWF), an Eagraíocht Eorpach um Úsáid Satailítí Meitéareolaíochta, an ghrúpáil Comhoibriú Eorpach sa Mheitéareolaíocht (ECOMET) agus an Líonra Meitéareolaíochta Eorpach. Chomh maith leis sin, lean Met Éireann lena rannpháirtíocht in HIRLAM, tionscadal comhoibritheach san Fháistiniú Uimhriúil Aimsire idir na Tíortha Nordacha, An Spáinn, An Ísiltír agus Éire.

Cuireadh an ghrúpáil Comhoibriú Eorpach sa Mheitéareolaíocht (ECOMET) ar bun i 1995 mar fhreagra ar fhorbairt a bheith ag teacht ar ghníomhaíochtaí tráchtála meitéareolaíochta san Eoraip. Na príomhchuspóirí atá aige ná caomhnú a dhéanamh ar an malartú saor agus neamhshrianta ar eolas meitéareolaíochta idir na Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta Eorpacha, agus a chinntiú go bhfuil an fháil is leithne agus is féidir ar shonraí agus ar tháirgí bunúsacha meitéareolaíochta le haghaidh feidhmeanna tráchtála.

Tagann Olltíonól Ginearálta ECOMET le chéile dhá uair sa bhliain agus i mí Iúil 2005 réachtáladh a 20ú cruinniú i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail toscairí air ó nach mór gach Ballstát.



Déaglán Ó Murchadha (Stiúrthóir, Met Éireann) agus René Hoenson (Príomhfheidhmeannach, ECOMET) ag Olltíonól Ginearálta ECOMET i mBaile Átha Cliath.

Reáchtáil an tionscadal HIRLAM a Chruinniú Uile-Fhoirne bliantúil i mBaile Átha Cliath i mí Márta. Breithníodh roinnt saincheisteanna tábhachtacha ag an gcruinniú a bhain leis an tsamhail HIRLAM é féin, le modhanna oibre laistigh den tionscadal agus le pleananna don todhchaí maidir le comhoibriú le ALADIN, an tsamhail réamhaisnéise uimhriúil atá ag Météo-France (Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta na Fraince). Breithníodh ag an gcruinniú, freisin, Meastóireacht ar an tionscadal HIRLAM a chuir grúpa saineolaithe idirnáisiúnta le chéile níos luaithe i rith na bliana.

I mí Feabhra thug grúpa foirne ó Bhainse Thuaisceart Éireann Oifig Meitéareolaíochta na RA, faoi stiúir Graeme Leitch Uas. (Príomh-Oifigeach Meitéareolaíochta), cuairt ar Met Éireann mar chuid den chaidreamh leanúnach idir an dá eagraíocht.

---

## SPRIOC ARDLEIBHÉIL 10:

Feidhm a bhaint as gach gné de chlár nuachóirithe na Státseirbhíse chun feabhas a chur ar éifeacht Met Éireann agus forbairt a dhéanamh ar phointéinseal na foirne.

---

### Riarachán

Bhí an caiteachas caipitil in 2005 níos lú ná mar a measadh a bheadh, go príomha toisc gur mhoilligh cur i bhfeidhm na dtionscadal de dheasca easpa acmhainní foirne. Níor úsáideadh an leithdháileadh iomlán tuarastail toisc moill dhosheachanta a bheith ar fholúntais a líonadh a tháinig chun cinn i rith na bliana.

Toisc nach raibh comhaontú nua Buiséid Riaracháin ann idir Met Éireann agus a mháthair-Roinn - an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, aontaíodh go leanfaí ag feidhmiú na dtreoirlínte agus na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm go dtí seo, in 2006 agus b'fhéidir in 2007.

Rinneadh tuilleadh oibre ar chur i bhfeidhm an chórais MIF (Creat Faisnéise Bainistíochta) in 2005. Faoi dheireadh na bliana bhí tuarascálacha airgeadais gach Bainisteora Rannóige ar fáil agus tá dul chun cinn déanta ar Chlár Sócmhainne Met Éireann a thabhairt suas chun dáta.

Le linn 2005 d'éirigh ball foirne amháin as agus d'imigh aonair déag eile ar scor. Is é an tUasal Tom Sheridan a líon an post mar Stiúrthóir Cúnta, Tacaíocht Eolaíocht agus Theicniúil. Ceapadh ceathrar ag leibhéal an ghráid Meitéareolaí agus duine amháin ar Chonradh Sealadach i bPost Meitéareolaí, ceapadh triúr ag leibhéal an ghráid Oifigigh Mheitéareolaíochta agus duine amháin mar Oifigeach Seirbhísí. Bhí triúr ar shos gairme ag tréimhsí éagsúla i rith na bliana. Ag deireadh 2005 bhí coibhéis 225.5 post foirne líonta in Met Éireann (comhroinnt oibre srl. san áireamh).

Bhí ullmhú Ráitis Straitéise nuashonraithe Met Éireann beagnach i gcrích agus bhíodhas ag súil lena fhoilsiú i gcéad ráithe 2006.



Foireann Met Éireann ag cruinniú de chuid na Comhairle Comhpháirtíochta i gCorcaigh.



## Comhpháirtíocht

Reáchtáil an Chomhairle Comhpháirtíochta ocht gcruinniú le linn 2005, agus as an méid sin eagraíodh dhá cheann i gcomhar le cuairteanna a thug an Chomhairle ar stáisiúin shionoptacha Met Éireann ag Aeradróm Mhic Easmuinn (Baile Dhónaill) agus ag Aerfort Chorcaí.

Chuir an Chomhairle Comhpháirtíochta go mór le Straitéis Acmhainní Daonna Met Éireann 2005-2007, a foilsíodh i mí Márta. Tugtar aitheantas sa Straitéis don ról lárnach atá ag an bhfoireann i mbaint amach spriocanna Met Éireann, agus déanann an Straitéis anailís ar na príomhionscnaimh AD a dtabharfar fúthu sna blianta amach romhainn. An aidhm atá leis an Straitéis, tríd is tríd, ná feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do chustaiméirí trína chinntiú to bhfuil gach ball foirne ag baint taitnimh agus tairbhe as a ról laistigh den eagraíocht.

Le blianta beaga anuas, leag Ranna Rialtais níos mó is níos mó béime ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta foirne. Rinneadh measúnú ar riosca, athbhreithniú ar inniúlachtaí agus soiléiriú ar ról na n-ionadaithe sábháilteachta. Ag teacht leis na forbairtí seo bhreithnigh an Chomhairle Comhpháirtíochta roinnt saincheisteanna a bhain le sláinte agus sábháilteacht i rith na bliana. Ina measc bhí oiliúint garchabhrach agus glanadh/cothabháil oifige. I measc na saincheisteanna a ndeachthas i ngleic leo bhí feabhas a chur ar an gcóras aláraim dóiteáin agus monatóireacht ar leibhéil teochta/taiseachais in oifigí Met Éireann i nGlas Naion.

Chomh maith leis sin, rinne an Chomhairle Comhpháirtíochta monatóireacht ar fheidhmiú an Chórais Bainistíochta agus Forbartha

Feidhmíochta (PMDS), breithniú ar shocruithe le go bhféadfadh baill foirne fónamh a bhaint as Teileá-Oibriú, agus athbhreithniú ar Phlean Gnó Met Éireann 2005. I mí na Samhna, faoi scáth na Comhairle, reáchtáladh imeacht ar éirigh go hiontach leis chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhail foirne a bhí tar éis 25 bliain seirbhíse a chur i gcrích le Met Éireann. Ag a chruinnithe a reáchtáladh i mí Iúil agus mí na Samhna cheadaigh an Grúpa Gradaim (foghrúpa den Chomhpháirtíocht) go mbronnfaí gradaim ar dhá fhoireann agus ar naonúr aonair - sin dáréag ball foirne san iomlán.

## Oiliúint agus Forbairt Foirne

Le linn 2005 d'fhreastail 105 ball foirne ar chúrsaí/imeachtaí oiliúna a bhí eagraithe go háitiúil, agus d'fhreastail 24 ball foirne ar chúrsaí oiliúna thar lear. Bhain aonar déag den fhoireann fónamh as an scéim Aisíoca Táillí Tríú Leibhéal agus fuair seisear eile réamhíocaíocht ar tháillí le haghaidh 2005/2006.

Faoi Chomhaontú idir Met Éireann agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, cuirtear dhá áit lánaimseartha ar fáil (nó a choibhéis) ar chúrsa Céime M.Sc. sa Mheitéareolaíocht gach bliain d'fhoireann Met Éireann. In 2005 bhain ceathrar ball foirne fónamh as an soláthar sin, agus chláraigh siad ar an gcúrsa ar bhonn páirtaimseartha. D'fhreastail beirt ball foirne eile go lánaimseartha le tacaíocht ón scéim Aisíoca Táillí Tríú Leibhéal.

Cuireadh oiliúint tosaigh ar thriúr Oifigeach Meitéareolaíochta nua. Cuireadh oiliúint inchomhlachta ar fáil le haghaidh 150 ball foirne sna réimsí seo a leanas: PMDS (Aiseolas aníos, Comhtháthú le Nósanna Imeachta Bainistíochta Acmhainní Daonna), Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Comhionannas/Éagsúlacht agus Seirbhís Chustaiméirí den Scoth.

Rinne an Coiste Bainistíochta athbheithníú ar an dréacht tosaigh den Straitéis Oiliúna agus Forbartha. Breithneoidh an Chomhairle Comhpháirtíochta dréacht athbheithnithe agus táthar ag súil go mbeidh an Straitéis i gcrích go luath in 2006.

### Seirbhísí Leabharlainne & Eolais

Cuireadh dhá eagrán den irisleabhar *Splanc* de chuid Met Éireann ar fáil i rith na bliana. Rinneadh dul chun cinn maith, i gcomhar le foireann ón Rannóg Réamhaisnéise Ginearálta, ar fhorbairt ar ábhar oideachais agus oiliúna nua do bhunscoileanna. Lean an leabharlannaí ag feidhmiú mar bhainisteoir inneachair do shuíomh gréasáin Met Éireann, ag comhordú chur i bhfeidhm na n-athruithe agus na nuashonrúcháin nua.

### Taispeántas 'Eolaí Óg' agus Teicneolaíochta

In 2005 rinne Met Éireann urraíocht ar Ghradam Speisialta ag Taispeántas 'Eolaí Óg' agus Teicneolaíochta Esat BT don tionscadal is fearr a raibh aimsir nó aeráid na hÉireann mar théama lárnach ann. Is daltaí ó Choláiste Pobail na Scairbhe - Seán Corry, Shane Moroney agus José Ramire – a bhuaigh an Gradam don tionscadal 'Comhaireamh ian mar áis don meitéareolaíocht'.



Daltaí ó Choláiste Pobail na Scairbhe ag fáil a ngradaim ó Evelyn Cusack (Met Éireann).



## Aguisín I – Cruinneas Réamhaisnéise

### Fíorú ar Réamhaisnéisí Aimsire Poiblí


Le linn 2005 lean Met Éireann leis an ngnáthfhirúir a dhéanann sé ar uasteocht agus íosteocht laethúil réamhathriste, agus ar bháisteach ag ceithre shuíomh (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Biorra agus Béal an Mhuirthead) bunaithe ar réamhaisnéisí raidió RTÉ 1 ag 7.55 r.n.

Léiríonn Fíor 1 agus Fíor 2 earráidí luach fhréamh mheán na gcearnóg (FMC) le haghaidh réamhaisnéisí uasteochta agus íosteochta do na blianta 2001 – 2005 (dá laghad é an earráid FMC is ea is fearr an réamhaisnéis). Léiríonn Fíor 3 an meánfhirúir bliantúil ar bháisteach ag baint úsáide as Scór Hanssen agus Kuipers – tá luach 1 ag an scór seo nuair atá an réamhaisnéis foirfe, agus tá luach 0 aige nuair is réamhaisnéis randamach atá ann i.e. réamhaisnéis nach raibh aon scil ag baint leis. Léiríonn na Fíoracha na meáscóir bhliantúla chomhfhreagracha a bhaineann le réamhaisnéis seasmhachta.


Don bhliain 2005, b'ionann earráid luach fhréamh mheán na gcearnóg (FMC) le haghaidh réamhaisnéis uasteochta agus tuairim is 1.5°C, agus tuairim is 1.9°C le haghaidh íosteochta. Maidir le báisteach, b'ionann an meánluach de réir scór Hanssen agus Kuipers agus 0.44. Tá na scóir uile seo comhchosúil leis na luachanna comhfhreagracha le haghaidh 2001-2004.

Is féidir tuairim a fháil de chaighdeán na réamhaisnéisí trí na scóir réamhaisnéise a chur i gcomparáid leis na luachanna a gheofaí le haghaidh réamhaisnéis 'chaighdeánach'. Baintear úsáid as seasmhacht mar chaighdeán chun fíorú a dhéanamh – i.e., réamhaisnéis a ghlacann leis go mbeidh aimsir an lae amárach mar an gcéanna le haimsir an lae inniu. Léiríonn Fíoracha 1 - 3,


díreach mar a bheifí ag súil leis, go bhfuil scóir réamhaisnéise bhliantúla le haghaidh na mblianta 2001-2005 i bhfad níos fearr ná na scóir sheasmhachta, i ngach cás.



Fíor 1




Fíor 2




Fíor 3

## Fáistiniú Uimhriúil Aimsire

I bhFíoracha 4 agus 5 léirítear mar a d'athraigh na scóir fíoraithe bhliantúla le haghaidh réamhaisnéis de Theocht 2 mhéadar agus Luas Gaoithe 10 méadar, ó 2000 to 2005.



Fíor 4



Fíor 5

Léiríonn Fíor 4 scóir earráide luach Fhréamh Mheán na gCearnóg na réamhaisnéisí le haghaidh Teocht 2-mhéadar i gcomhair 24 uair agus 48 uair, agus iad fíoraithe i gcoinne na dtuairiscí teochtaí iarbhire ó líonra stáisiún breathnadóireachta na hÉireann. Léiríonn an dá scór gur tháinig feabhas beag ar an earráid FMC in 2005 i gcomparáid leis na luachanna comhfhreagracha i gcomhair 2004.

Léiríonn Fíor 5 scóir earráide luach Fhréamh Mheán na gCearnóg le haghaidh réamhaisnéis Luas Gaoithe 10-méadar i gcomhair 24 uair agus 48 uair. Maidir leis an réamhaisnéis 24 uair tá an earráid FMC mar an gcéanna le 2004, fad is atá an earráid FMC 48 uair do 2005 beagán níos mó.

## Teocht Dromhcha Bóthair

Cuirtear réamhaisnéis faoi dhálaí bóthair ar fáil don Údarás um Bóithre Náisiúnta ar chonradh. Rinneadh fíorú ar íosréamhaisnéisí Teochta Dromchla Bóthair (TDB) le linn shéasúr an gheimhreadh 2004/2005 do na hoícheanta ar a dtugtar oícheanta criticiúla (oícheanta ar ar breathnaíodh TDBanna níos ísle ná 5°C) le haghaidh gach suíomh atá ar fáil. Léiríonn Tábla 1 an Scór Hanssen agus Kuipers agus an earráid FMC le haghaidh réamhaisnéisí 2004/2005, maille leis na luachanna comhfhreagracha le haghaidh na séasúr geimhridh 2003/2004 agus 2002/2003.

	Scór Hanssen agus Kuipers	Earráid FMC
2004-2005	0.66	1.6°C
2003-2004	0.70	1.5°C
2002-2003	0.68	1.6°C

Tábla 1

Le haghaidh 2004/2005 léiríonn an Scór Hanssen agus Kuipers agus an Earráid FMC gur imigh cúrsaí in olcas pas beag i gcomparáid le luachanna 2003/2004. Bhí an dá scór cuíosach cobhsaí, ámh, le trí shéasúr geimhridh anuas.




## Réamhaisnéiseí Teochta Aeir


Eisíonn an Rannóg Réamhaisnéise Ginearálta réamhaisnéisí uasteochta agus íosteochta gach maidin do Bhaile Átha Cliath agus do Chorcaigh, don lá sin agus don chéad dá lá eile. Déantar na réamhaisnéisí sin a fhíorú ansin i gcoinne breathnadóireachtaí ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Léiríonn Fíor 6 na scóir earráide FMC le haghaidh Baile Átha Cliath don tréimhse

2001-2005 (Uas1 = uasteocht ar an lá sin, Uas2 = uasteocht ar an gcéad lá eile, srl.). Léiríonn Fíor 7 na scóir earráide FMC chomhfhreagracha do Chorcaigh.

Go ginearálta, tá scóir FMC 2005 comparáideach le scóir 2004, agus b'fhéidir íosteochtaí i gCorcaigh ag dul in olcas ábhairín.



Fíor 6



Fíor 7



## Aguisín II – Foilseacháin

Fitzgerald, D.L. 2005: Analysis of extreme rainfall using the log logistic distribution. *Stochastic Environmental Research and Risk Assessment (SERRA)*, 19, 4, 249-257.

Fleming, G. *et al.* 2005: Guidelines on weather broadcasting and the use of radio for the delivery of weather information. World Meteorological Organisation (WMO) Technical Document no. 1278, 54pp.

McDonald, A. 2005: Transparent lateral boundary conditions for baroclinic waves: a study of two elementary systems of equations. *Tellus* 57A, 171-182.

McDonald, A. 2005: Transparent lateral boundary conditions for systems of equations which support barotropic, baroclinic, and potential vorticity waves. HIRLAM Technical Report 64, 38pp.

McDonald, A. 2005: Progress report on transparent lateral boundary conditions. HIRLAM Newsletter 49, 124-128.

McGrath, R., Nishimura, E., Nolan, P., Semmler, T., Sweeney, C. and Wang, S. 2005: Climate Change: Regional Climate Model Predictions for Ireland. Environmental Protection Agency Report prepared by the Community Climate Change Consortium for Ireland, 45pp.

Schulte, R.P.O., Diamond, J., Finkle, K., Holden, N.M. and Brereton, A.J. 2005: Predicting the Soil Moisture Conditions of Irish Grasslands. *Irish Journal of Agricultural and Food Research* 44,1, 95-110.



## Aguisín III – Airgeadas Met Éireann

Níl sna figiúirí thíos ach neasmheastachán agus níl siad á gcur ar fáil ach mar eolas. Níl siad mar chuid de chuntais bhliantúla oifigiúla Met Éireann.

### Ioncam agus Caiteachas 2005/2004

	2005 € ,000	2004 € ,000	2005 € ,000	2004 € ,000
Tuarastail agus Speansais Bhainteacha (A1)			14,387	13,992
Speansais Oibríochtúla Eile			2,705	2,506
Caiteachas Caipitil			602	611
Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta			2,945	2,979
<b>Iomlán</b>			<b>20,639</b>	<b>20,088</b>
Fáltais ó Eurocontrol (Táillí Bealaí)	7,833	7,261		
Fáltais ó Ghníomhaíochtaí Tráchtála & Aisghabháil Costais	1,651	1,501		
<b>Fáltais Iomlána</b>	<b>9,484</b>	<b>8,762</b>		
<b>Glanhostas ar Oibríochtaí</b>			<b>11,155</b>	<b>11,326</b>
<b>Roinnt sonraí maidir leis an méid thuasluaite</b>				
<b>A1</b>				
Tuarastail			13,533	13,333
Ragobair			568	489
Íocaíochtaí le Breathnadóirí			114	109
Liúntais Eile			172	61
A2 (Taisteal & Cothú)			238	201
A3 (Oiliúint/Gradaim/Glanadh srl.)			506	385
A4 (Cumarsáid & Postas)			265	223
A5 (Caipiteal Ríomhaireachta)			250	376
A5 (Neamh-Chaipiteal Ríomhaireachta)			564	536
A5 (Caipiteal Ionstraimíochta)			352	235
A5 (Neamh-Chaipiteal Ionstraimíochta)			588	507
A6 (Cothabháil/Fuinneamh)			525	604
A7 (Sainchomhairliúchán)			19	50
			<b>17,694</b>	<b>17,109</b>
<b>Roinnt sonraí maidir le fáltais tráchtála/ó aisghabháil costas</b>				
Eitlíocht	6	13		
Eolas Clíomeolaíochta	181	172		
Réamhaisnéis Ghinearálta	1,440	1,237		
Ilghnéitheach	24	79		
	<b>1,651</b>	<b>1,501</b>		



## Eolas Corparáideach

### Ceanncheathrú Met Éireann

Cnoc Ghlas Naíon  
Baile Átha Cliath 9, Éire  
Teil: +353-1-806 4200  
Facs: +353-1-806 4247  
r-phost: [met.eireann@met.ie](mailto:met.eireann@met.ie)  
gréasán: [www.met.ie](http://www.met.ie)

### Réamhaisnéis Ghinearálta

Teil: +353-1-806 4255  
Facs: +353-1-806 4275  
r-phost: [forecasts@met.ie](mailto:forecasts@met.ie)

### Clíomeolaíocht agus Breathnadóireacht

Teil: +353-1-806 4260  
Facs: +353-1-806 4216  
r-phost: [climate.enquiries@met.ie](mailto:climate.enquiries@met.ie)

### An Rannóg Tráchtála

Teil: +353-1-806 4244  
Facs: +353-1-806 4247  
r-phost: [marketing@met.ie](mailto:marketing@met.ie)

### Met Éireann Réadlann Dhairbhre

Cathair Saidhbhín  
Co. Chiarraí  
Teil: +353-66-947 3460  
Facs: +353-66-947 2442

### Met Éireann Aerfort Bhaile Átha Cliath

Co. Átha Cliath  
Teil: +353-1-812 0081  
Facs: +353-1-844 4633

### Met Éireann Aerfort na Sionainne

Co. an Chláir  
Teil: +353-61-712 950  
Facs: +353-61-712 962

### Met Éireann Aerfort Chorcaí

Corcaigh  
Teil: +353-21-491 7750  
Facs: +353-21-431 7405

### Met Éireann Aerfort Chonnachta

Cnoc Mhuire  
Co. Mhaigh Eo  
Teil: +353-94-936 7368  
Facs: +353-94-936 7390



## Gluais Téarmaí

ALADIN	Samhail Limistéar-theoranta Réamhaisnéis Uimhriúil Aimsire de chuid Météo-France
AWS	Automatic Weather Station (Stáisiún Aimsire Uathoibríoch)
C4I	Community Climate Change Consortium for Ireland (Comhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann)
CAFO	Central Analysis and Forecast Office (An Lár-Oifig Anailíse & Réamhaisnéise)
CRM	Customer Relationship Management (Bainistíocht Chaidrimh Chustaiméirí)
Earráid FMC	Earráid Luach Fhréamh Mheán na gCearnóg
ECMWF	European Centre for Medium-Range Weather Forecasts (An tIonad Eorpach um Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin)
ECOMET	European Co-operation in Meteorology (Comhoibriú Eorpach sa Mheitéareolaíocht)
ECPDS	Córas Dáilte Táirgí ECMWF
EUCOS	EUMETNET Composite Observing System (Córas Breathnadóireachta Ilchodadh EUMETNET)
EUMETCast	Córas dáilte sonraí EUMETSAT
EUMETNET	Líonra na Seirbhísí Meitéareolaíochta Eorpacha
EUMETSAT	European Organisation for the Exploitation of Meteorological Satellites (Eagraíocht Eorpach um Úsáid Satailítí Meitéareolaíochta)
FIR	Flight Information Region (Limistéar Faisnéise Eitilte)
GAW	Global Atmosphere Watch (Faire Atmaisféarach Dhomhanda)
HIRLAM	High-Resolution Limited Area Model (Samhail Limistéir Theoranta Ardaifigh)
ICAO	International Civil Aviation Organisation (Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta)
INTRA	Integrated Training (clár taithí oibre 3ú leibhéal)
ISO	International Organization for Standardization (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán)
MSG	Meteosat Second Generation (Metostat Dara Glúin)
NASA	National Aeronautics and Space Administration
NOAA	National Oceanic and Atmospheric Administration
OPW	Office of Public Works (Oifig na nOibreacha Poiblí)
PRISM	Predictive Irish Sea Models (Samhail Réamhfháistineach Muir Éireann)
PMDS	Performance Management and Development System (Córas Bainistíocht agus Forbartha Feidhmíochta)
QMS	Quality Management System (Córas Bainistíochta Cáilíochta)
SAF	Satellite Application Facility (Áis Feidhme Satailíte)
SES	Single European Sky (Aonspéir Eorpach)
SIGMET	Eolas faoi tharlú fheiniméin shainithe aimsire eitlíochta
SMS	Short Message Service (Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí)
SYNOP	Cód WMO le haghaidh Breathnadóireachtaí Dromchla Shionoptaigh
TAF	Terminal Aerodrome Forecast (Réamhaisnéisí Aeradróim Ceann Cúrsa)
TDB	Teocht Dromchla Bóthair
TUCSON	The Unified Climate and Synoptic Observation Network (Líonra Breathnadóireachta Aontaithe Sionoptach agus Clíomeolaíoch)
WAFS	World Area Forecast System (Córas Réamhaisnéise Limistéar an Domhain)
WAM	Wave Forecast Model (Tonnsamhail Réamhaisnéise)
WAN	Wide Area Network (Líonra Achair Fhairsing)
WMO	World Meteorological Organisation (Eagraíocht Meitéareolaíochta Dhomhanda)

### *Buíochas agus grianghraif*

EUMETSAT  
NOAA  
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann  
Foireann Met Éireann